



Bí bródúil as do theanga

An Fhuinneog Ghaelach

Cumann Gaeilge na hAstráile

Fómhar 2021
1-03-2021

Is Deacair a Chreidiúnt..

Is deacair a chreidiúnt go bhfuil an fómhar ann cheana. Tá súil agam gur bhain sibh sult as an samhradh d'ainneoin an víris. Tá trí rang ar siúl againn faoi láthair trí Zoom agus an-éileamh ó thosaitheoirí. Tá thart ar fiche duine ar an liosta feithimh anois! Mar sin, más féidir leat (nó duine a bhfuil aithne agat air) cuidiú leis an múinteoireacht téigh i dteagmháil linn le do thoil. Tairgeann an Cumann táille oinigh (honorarium) do mhúinteoirí chun aitheantas a thabhairt dá gcuid oibre.

Shocraigh an coiste le déanaí nach féidir fós dul ar ais chuig ranganna 'i láthair' ach measfaimid an cheist arís roimh dheireadh Téarma 2 (22 Meitheamh).



Foclóir nua — leathanach 3

Cuireadh an tAifreann Gaeilge ar ceal i mbliana de bharr COVID-19, ach beidh sé ar ais in 2022.

Bíonn clár raidió Gaeilge ann ar an gcéad Domhnach sa mhí ag 6 pm ar 3ZZZ. Bhí an stiúideo, i Sráid Albert in Brunswick, dúnta ar feadh tréimhse agus gach clár taifeadta roimh ré, ach tá daoine ag teacht ar ais agus ag craoladh beo arís anois. Le píosa maith anois, tá an clár raidió ag dul ar aghaidh d'fhormhór mar gheall ar shaothar Stuart Traill ach tá sos ag teastáil uaidh ó mhí Meithimh go mí Lúnasa.

Más maith leat bheith páirteach sa chlár téigh i dteagmháil linn. Beidh teagasc agus tacaíocht ar fáil ó 3ZZZ agus bheadh deis agat scileanna nua a fhoghlaim (m.sh. oibriú an phainéil). Ní riachtanach teacht isteach don stiúideo áfach. Más féidir leat rud éigin a thaifeadadh (píosa ceoil, dán) agus a roinnt linn (ar Google Drive mar shampla), beimid ábalta é a chur isteach sa chlár.

Seán Ó Séaghdha,
Rúnaí

San Eagrán Seo..

<i>From our committee</i>	1
<i>San Olann Sna Cealla Beaga</i>	2
<i>Foclóir Nua</i>	3
<i>Reading material for students</i>	4
<i>Colm Breathnach</i>	5
<i>City of Adelaide website</i>	7
<i>Simon Ó Faoláin</i>	8
<i>Máire Holmes</i>	8

Check our website for the latest news about classes

Gaeilge.org.au

San Olann sna Cealla Beaga

Ar dtús bhí cuma ghruama ar an bhfoirgneamh mór gar don chuan sna Cealla Beaga, ach taobh istigh bhí sé níos teo agus ní raibh an t-aitmeasféar trom ar chor ar bith. Thainig sé chun beocht leis na cairpéid ar na seolta sa seomra mór. Bhí an mhonarcha chairpéid sna Cealla Beaga, monarcha an-cháiliúil ar fud an domhain. Déantar na cairpéid inti de láimh, le snaidhmeanna – mílte snaidhme.



Teaspáineadh dúinn an gréas do chairpéad, a bhí tarraingthe ar phiosa páipéar graf. Cé gur dúnadh an mhonarcha i 2003, osclaíodh í arís i 2006 mar iarsmalann agus ionad oidhreacht. I 2019 bhí seachtar ban ag obair ansin fós. Is féidir leo cairpéid a dhéanamh fós do ghréas do do rogha dá mbeadh airgead go leor agat. Ach nuair a bheidh siad go léir ró-shean ní bheidh a thuilleadh oibrithe ann chun an obair a dhéanamh. Ní bheidh a leithéid arís ann.



Bhí éiteáin olann dáthúla i ngach áit. Tá dathanna den bhogha báistí ann. Déantar na cairpéid go hiomlán de láimh, as olann. Níl gach píosa olla ach deich ceintiméadar ar fad, a bheag nó a mhór. Tá an snaidhm simpli – an snaidhm Turcach – ach tá a lán snaidhme le déanamh do gach chairpéad. Tá na mná deaslámhach. Bhí gach bean ina printiseach

ar feadh bliain amháin. Bhí cead againn na snaidhmeanna a thriail sinn féin. Ní raibh sé an-deacair ach bhíomar an-mhall! Is féidir leis na mná is fearr míle snaidhme a dhéanamh in uair amháin.



Is féidir cairpéid óna Cealla Beaga a fheiceáil ar fud an domhain. Tá siad le feiceáil in Arás an Uachtaráin, An Teach Bán sna Stáit Aontaithe, Halla na Cathrach, i mBéal Feirste, an Vatican agus in i bhfad níos mó áiteanna. Chonaic mé ceann nuair a thug mé cuairt ar Chaisleán Ghleann Bheatha. Bhí sé déanta chun an ghréas ar an dtrosacán a mhaitseáil.

Tá stair fhada ar cairpéid a dhéanamh sa stíl Turcach sna Cealla Beaga, ach níor osclaíodh an mhonarcha seo go 1898. B'é an rún deis a thabhairt do dhaoine, go háirithe mná, a bheith ag obair ansin in áit imeacht ar imirce. Ar ndóigh, tá Na Cealla Beaga ina príomhphort iascaireachta chomh maith. Tá a lán ar taispeáint faoin tionscal iascaireachta san iarsmalann chomh maith.

Mholfainn cuairt ann dá mbeifá sna Cealla Beaga.

Mairéad Ní Hamóin

Photos....

1. Turasóir ag triail carpéad a dhéanamh.
2. Carpéad gan críochnú
3. Carpéid ar sheol.



Seán writes.... It's difficult to believe it's already autumn. I hope you enjoyed the summer in spite of the virus. We have three classes at the moment on Zoom and a lot of demand from beginners. There are around twenty people on the waiting list now. So, if you (or someone you know) can help with teaching, please get in touch. The Cumann offers an honorarium to teachers to recognise their work.

The committee decided recently that it still isn't possible to return to physical classes, but we'll look at the question again before the end of Term 2 (Tues 22 June).

The Mass in Irish was cancelled this year due to COVID-19, but it will be back in 2022.

There is an Irish language radio show on 3ZZZ on the first Sunday of the month at 6 pm. The studio, in Albert Street, Brunswick, was closed for a while, but people are returning and broadcasting live again now. For a while now, the program has been going on largely due to the work of Stuart Traill, but he is in need of a break from June to August.

If you'd like to be involved in the program, get in contact with us. 3ZZZ provides training and support and it could be an opportunity to learn some new skills (e.g. operating the panel). It's not obligatory to come into the studio though. If you can record something (a piece of music, poetry) and share it with us (on Google Drive for example), we'll be able to include it in the program.

Seán Ó Séaghdha, Secretary

For more information on how to become a trained broadcaster see the feature in issue 61 of this newsletter, available on our website gaeilge.org.au

Ag deireadh mí Dheire Fomhair, 2020, sheol Uachtarán na hÉireann, Micheál D Ó hUiginn, foclóir nua.

Tá an foclóir nua ar an chéad fhoclóir Béarla – Gaeilge dá leithéid a foilsíodh ó mhórfhoclóir Tomás de Bhaldraithe in 1959.

'Sé Pádraig Ó Mianáin, an eagarthóir. Tá 1800 leathanach, breis is 30,000 iontráil, 85,000 aonad céille agus 1.8 milliún focal i mBéarla agus i nGaeilge na linne seo ann.

Tugtar tús áite san fhoclóir don teanga bheo sa Bhéarla agus sa Ghaeilge de nathanna nua sa Bhéarla m.sh. "fake news" – bréagnuacht – agus "social distancing" – scaradh sóisialta.

Tá forlíonadh mór teanga agus gramadaí san fhoclóir chomh maith. Tá sé ar díol i siopaí leabhar agus ar líne ar chostas 30 euró.



Where to find reading material

Continuing with our series about where students can find good quality reading material we now look at newsletters and newspapers. Most are still active, but even when something has folded it's often available in archive or copies may remain in private collections and turn up later in odd places.

An Lúibín is a newsletter well known to Australian readers and appears every three weeks or so. Local gaeilgeoir and published author Colin Ryan has now produced over 300 issues and the entire archive is available on our website www.gaeilge.org.au To be added to the distribution list contact Colin directly.

Líofa was a learner's newsletter published monthly between about 2012 and 2016 by the Department of Culture and Arts in Northern Ireland to accompany the bursary scheme of the same name. The published issues were initially available on the Líofa website www.liofa.eu but they have now been removed without any explanation. However, some of them have since turned up on other sites and we have located about 15 issues so far, which will be printed and added to our library.

An Taobh Ó Thuaidh is a bi-monthly newsletter published since 2014 by a group of Irish language enthusiasts in North Dublin. They also organise coffee mornings and other Irish language events each month. A full online archive, as well as their schedule of forthcoming events, can be found at <http://maidineacha-caife.weebly.com/an-taobh-oacute-thuaidh.html>

Conradh na Gaeilge publish a monthly newsletter of the same name and it has been available since 2007. It can be read online at www.cnag.ie/ga/nuacht/cartlann-nuachta.html

Gaelchultúr also publish their own newsletter, with 50 issues so far up to December 2020, and it can be read at www.gaelchultur.com/ga/nuachtlitir_cartlann.aspx

Foinse was a weekly newspaper published by Móinéar Teo. from 2006 up to Sept 2013 and then as an online edition up to 2015. No archive is currently available.

Gaelscéal was a weekly newspaper which ran from 2010 up to 2013. The entire archive is available at <https://www.cadhan.com/gaelsceal/index-en.html>

Lá Nua was a daily newspaper, initially known as Lá, published in Belfast from 1984 onwards. It folded in 2008, although some literary articles remained on the website until it too folded.

Saol was a monthly newspaper supported by Foras na Gaeilge the public body responsible for the promotion of the language throughout Ireland. Printed in Galway, and distributed nationally and overseas, the newspaper had its headquarters in Dublin. Some back issues are available at <https://www.yumpu.com/user/gaeilge.ie> and the Irish Times ran a special feature back in March 2001<https://www.irishtimes.com/culture/no-news-is-good-news-1.295428>

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh Ever since Irish became an official language of the European Union the number of EU publications available in Irish has steadily increased. This one is a good example of what's on offer and gives an insight into how the language handles what might be termed bureaucrat-speak. It's available at www.op.europa.eu

Saol na nOileán Elsewhere there was another publication which even has the record for the shortest lifespan. It lasted just one issue, but that issue is preserved for posterity on yumpu *. It's quite a good read and it's a shame that it too folded. <https://www.yumpu.com/user/oileain.ie>

Seachtain is the name of the weekly Irish language supplement published in the Irish Independent each Wednesday www.independent.ie

Tuarascáil is the name of the weekly Irish language supplement published in the Irish Times www.irishtimes.com/culture/tuarascail

When you combine all that with the journals and magazines (listed in our last issue) the amount of reading material as *Gaeilge* on offer is enough to keep all tastes happy. In our next issue we look at news websites.

* *Yumpu* is an online publishing platform similar to *Issuu* with a number of price plans including one that is described as "free for hobby publishers and associations". Downloading as a reader from either one is possible but only if the document publisher has enabled it.



RADHARC BEO, **Colm Breathnach**

I

Tá éan tar éis tuirlingt
Ar chraobh sa chrann
Taobh thiar don dtigh.
Tá duilliúr beag idir mé agus é,
Mar a bheadh sraith péinte ann,
Sa tslí go ndéantar scáth do,
Crot éin díreach.
Is tá an spéir líonta le solas glé.
Ar chuma éigin
Táim ag feiscint an tsaoil
Ar maidin mar phéintéireacht
Agus Eanáir ag iarraidh
Feabhra a dhéanamh do fhéinig.

II

Ba ghnách liom dul suas an abhainn píosa
Ar leith ón gcuid eile
Is mé ag foghlaim an tsnámha
Go dtí áit ná raibh éinne eile ann.
Idir dhá uisce a bhínn don gcuid ba mhó
Gan ar mo chumas m'anáil a choinneáil
Ach ar éigean
Gan ar mo chumas mo chloigeann a ardú
Chun anáilú
Chaithfinn mo cheithre bhonn a chur fúm
Is seasamh suas i lár an tsrutha
Agus braonaíocha i bhfabhraí mo shúl.
Dheininn ionadh don solas ag spréacharnach
Ar uisce na habhann
Is i nduilliúr na gcrann fan an bhruaigh.

III

Boladh tais na hithreach
Tar éis na báistí—
Mar a fhaighimid mos
Na báistí ón ithir
Chímid leoithne
I nduilliúr crainn,
Ach ní chorráonn
Duilliúr na gcrann
Síorghlas puinn
Amhail díreach

Gur péintéireacht atá ann.

IV

Bhíomar ag súgradh
Fán gcoill,
Dhá bhuíon déanta againn dinn féin
Is sinn ag crústach fia-úll ar a chéile.
Chuireas mo chloigeann aníos
Is bhuaile urchar mé sa leathshúil dheas.
An ní b'aistí faoi
Go bhfuaireas boladh an úill
Nuair a bhuaile sé faoi mo shúil.
Sinéistéise b'fhéidir
Ach ní dócha é.

V

Chuireadar crann an duine ar ár son
Mar chomóradh ar an mílaois
Ag comharthú gur géaga
Gach duine don ndaonra
Don gcrann céanna
Agus thugadar coinne dúinn, leis.
Siombalachas arís, b'fhéidir,
Gur solas sinn go léir dá chéile
Ach ní móide é.

VI

Géag bainte glan de chrann ar thaobh an bhóthair
Duine a luasc do, ní foláir, agus é ólta.
Colm go bhfuil cuma deoire bunoscionn air
Fágtha i stoc an chrainn.
Níl aon éan ann.
Tharlódh go bhfuil sé ag fáil bháis
Ach ní dócha é.
Nuair a dhéanfar Feabhra de mhí Eanáir arís
Eascróidh bachlóga,
Péinteálfar pictiúr eile fós.



VII

Tá an t-éan imithe don gcraobh
Níl cuma pictiúir
A thuilleadh ar dhuilliúr
An chrainn shíorghlais.
Tá an spéir ghlé dulta i léithe

CityOfAdelaide.com.au

Is féidir leat suíomh gréasáin C. of A. a léamh as Gaeilge anois. Rinne siad jab den scoth, agus beimid ag fanacht ar Sydney, Melbourne agus Canberra.....

Seo iad cúpla "screenshots" chun é a léirsiú. Tá Gaeilge le fáil i ngach áit Comhghairdeas agus maith sibh !





CRANN NOLLAG, OÍCHE GRIANSTAD, *Simon Ó Faoláin*

Tráthnóna do tháinig an gadaí dubh
Gur shlog an ghrian go bolg síos
Is ní mór don Rí Glas bás d'fháil
Chun an timthriall a chur sa tsiúl arís.

Tá an bóthar ina thost, leath-ré go hard,
Trasnaím an móta idir claí agus coill
– leath-throigh doimhne d'uisce marbh –
Agus lasann *frisson* na fiannaíochta,
An bheocht a eascraíonn as sárú teorann.

Gearann claíomh mo thóirse cinn
Soir is siar i measc an tslua,
Ag cuartú córda a cheanglaíos:
Marc cinniúna m'íobartaigh,
Comhartha oinigh agus uamhain.

Leagam lámh air, ag umhlú roimhe
As bás d'fháil ar ár son uile,
Gur againn dá bharr beidh cúis ceiliúrtha.
Cé brúidiúil, meirgeach m'uirlisí,
Éagóir do-ghnámh, níl malairt slí.

Gearann an bogshábh feoil agus féith,
An sárú ag saoradh bhalath na fola,
Sruth mall roisín ag smearadh an bhogha,
Go rinceann ceol ar shreanga sróine,
Polláirí spréite roimh úsc na giúise
– Milseacht íonghlan ghéar a beatha – Chomh
meisciúil
céanna le mus an leathair.

Maraím an crann, is beidh sé tráth
Ina ábhar naofa comhrá ag cách
I laochlár an tseomra suí,
Cosúil le cloigeann namhad nó tálta
Ina ornáid ar an gclabhar in airde.

Maraím an crann mar go ligeann sé dom
Ról na Baidhbhe a ghlacadh chugham

– Cúis drochghnámh – uair sa bhliain
Is gur bhronn gach féile le dealramh riamh
Díolúine oíche ó dhlíthe an tsaoil.

Maraím an crann i dtreo is go mbeidh
Alltacht in imrosc mo mhic ag léimt
Maidin amárach le téarnamh an lae.

Maraím an crann mar ní beatha go bás,
Toisc teascadh bile síorghlas is tús
Laethanta geala idir dhá dhorchadas.

RÍOCHT *Márie Holmes*

D'éalaigh an *Supermoon* -
Is fearr súil a choinneáil
I dtreo na cré
ionas go bhfásfaidh tuiscint ó rútaí -
ach coinnigh spás na spéire sa chroí.

Ag breathnú ar cheo an tsaol
Os cionn Loch Léin i gCill Airne,
Tuigim nach sioc atá romhainn
Ach go dtiocfaidh uair le teas anála beatha
Agus go n-ardóidh spiorad an ghleanna.

Anois i mbarr mo shláinte
ag saothrú luach mo shochraide le peann
-
Is costas é nach bhfuil ar lon dubh sa
chrann.
Tá dúch i Loch Léin agus sléibhte
i ngreim láimhe sa bheatha shíoraí.

All the poems featured in this
issue are by well-known writers
in Irish. You can find more of
their work at
Litriocht.com

Cumann Gaeilge na hAstráile Teo

IRISH LANGUAGE ASSOCIATION OF AUSTRALIA INC.

Cumann Gaeilge na hAstráile, the Irish Language Association of Australia is a not-for-profit organisation run entirely by volunteer tutors and a voluntary committee of management. The Cumann is non-political and non-sectarian. Its aim is to promote the Irish language as a second language within the Australian community, and to form networks with other cultural, heritage and Celtic language groups.

Formally established back in 1992, the ILAA offers structured weekly language classes to students of all ages, nationalities, and walks of life, across a range of levels — absolute beginners, basic, intermediate, advanced — as well as the opportunity to practice and converse together in a supportive environment.

Members receive a quarterly newsletter; access to the library; and also enjoy weekly singing and informal conversation sessions; as well as participation in social events and residential language schools.

Irish Language Association of Australia Inc., P.O. Box 594 North Melbourne VIC, 3051

**This form can be used for membership renewal or to notify a change of details.
New members should use the form available on our website www.gaeilge.org.au**

Renewal Update

Sloinne
(surname)

Guthán bh)
(phone)

Céad ainm
(first name)

ah)

Seoladh
(address)

Fón
(mobile)

.....

Ríomhphost
(email)

Membership fee is \$45 per annum and due each January. Class donation is \$5 per week.